Beartas Cíosa Halla Scoil Éinne

Scoil Éinne an Spidéil Hall Rental Policy.

Treoracha Ginearálta

1.0 Beidh ar gach duine a ghlacann an halla ar cíos fianaise ar árachas iomchuí a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta i scríbhinn, ar a n-áirítear árachas dliteanais phoiblí.

2.0 Beidh gach duine a ghlacann an halla ar cíos freagrach as a chinntiú go seastar le beartas na scoile um thoirmeasc ar thobac a chaitheamh.

3.0 Beidh gach duine a ghlacann an halla ar cíos freagrach as a dtrealamh féin a úsáid in éineacht leis an halla a ghlacadh ar cíos. Ní mór an trealamh sin a aistriú amach as an halla ag deireadh gach seisiúin.

3.1 Beidh gach duine a ghlacann an halla ar cíos freagrach as na míreanna seo a leanas le linn na tréimhse cíosa:

3.1.1 Na soilse a chasadh as ar fhágáil na scoile dóibh.

3.1.2 Trealamh agus troscán a chur ar ais san áit cheart stórála.

3.1.3 Glantachán ar bith a mbeidh gá leis, ar a n-áirítear na leithris.

3.1.4 An t-aláram a shocrú, glas a chur ar fhoirgneamh na scoile, geata na scoile a dhúnadh go maith.

3.2 Beidh gach duine a ghlacann an halla ar cíos freagrach as costas deisiúcháin damáiste ar bith a dhéantar don mhaoin nó do na saoráidí le linn na tréimhse cíosa agus/nó as a n-athchur.

3.3 Níl cead dul isteach i bpríomhfhoirgneamh na scoile ná úsáid a bhaint as.

4.0 Beidh gach duine a ghlacann an halla ar cíos freagrach as taismí, gortuithe agus teagmhais a tharlaíonn do dhuine ar bith a bheidh i láthair sa halla le linn na tréimhse cíosa. Ní mór a leithéidí sin a chur in iúl i scríbhinn chomh luath agus is féidir don Phríomhoide.

5.0 Caithfidh na cineálacha gníomhaíochtaí ar glacadh an halla ar cíos lena n-aghaidh a bheith ag teacht le héiteas agus aidhmeanna oideachasúla ginearálta na scoile.

6.0 Forchoimeádann an Bord Bainistíochta an ceart an halla a úsáid am ar bith ar mhaithe lena chuid cuspóirí féin, ach gá a bheith leis.

7.0 Forchoimeádann an Bord Bainistíochta an ceart deireadh a chur le húsáid an halla am ar bith ar chúis ar bith.

8.0 Déanfaidh an Bord Bainistíochta an beartas seo a athbhreithniú de réir mar is gá.

9.0 Roimh thosú ar ghníomhaíochtaí ar bith, ní mór go mbeadh conradh cíosa sínithe agus na táillí iomchuí a bhaineann le cíos an halla agus éarlais an tsealbhóra eochrach íoctha.

10.0 Beidh fad gach tréimhse cíosa níos lú ná aon bhliain amháin.

11.0 Beidh halla na scoile ar fáil lena ghlacadh ar cíos le linn laethanta saoire scoile óna 09.00 go 22.00 gach lá na seachtaine faoi na gnáthchúinsí.

12.0 Beidh halla na scoile ar fáil lena ghlacadh ar cíos le linn an téarma scoile ó i ndiaidh am scoile go 22.00 Luan go hAoine agus óna 09.00 go 22.00 Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh.

13.0 Is é is ciall le huair chíosa ná uair an chloig idir 09.00 agus 22.00 lá ar bith sa tseachtain.

14.0 Is é is ciall le lá cíosa ná óna 09.00 go 18.00.

15.0 Is é is ciall le seachtain cíosa ná ó Luan go hAoine.

16.0 Cuimsithe sa tréimhse chíosa tá an t-am a thógann sé an halla a shocrú roimh an ngníomhaíocht agus an t-am a thógann sé an glantachán a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta.

17.0 Ní mór don té a bhfuil an halla á ghlacadh aige/aici an táscleabhar tinrimh a shíniú ag tús agus deireadh gach tréimhse cíosa. Ní mór cuntas ar na hamanna iontrála agus imeachta a bheith sa táscleabhar. Ní mór an táscleabhar a chur ar ais ina ionad stórála sa chistin tar éis é a shíniú.

Leanaí agus Daoine Fásta Leochaileacha

18.0 Caomhnaíonn Bord Bainistíochta Scoil Éinne gach leanbh atá faoina chúram. Is é aidhm an Bhoird timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do gach leanbh agus duine fásta leochaileach a úsáideann an halla. Dá bhrí sin tá an Bord tiomanta do bheartais agus nósanna imeachta a dhéanfaidh an baol a laghdú go dtarlóidh dochar do na leanaí agus do na daoine fásta leochaileacha go léir a úsáideann an halla.

Beartas Cíosa Halla Scoil Éinne

Scoil Éinne an Spidéil Hall Rental Policy.

Conradh Cíosa Halla Scoil Éinne				
Ainm an Duine		**Ainm na hEagraíochta**		
Seoladh				
Fón		**Fón Póca**		
Ríomhphost				
Cineál Gníomhaíochta (Cuir tic le ceann amháin)		**Neamhbhrabúsach**	**Carthanúil**	**Tráchtála**
Cur síos ar an ngníomhaíocht				
Saoráidí atá ag teastáil (Cuir tic le gach ceann acu)		**Halla**	**Cistin**	**Leithris**
Dáta cíosa ó: / /		**Dáta cíosa go:** / /		
Am tosaithe:		**Am críochnaithe:**		
Lá/laethanta na seachtaine: D L M C D A S		**Líon na seachtainí:**		
Cóip den árachas curtha ar fáil? (Tá/Níl)				
Leanaí faoi 18 agus/nó daoine fásta leochaileacha i láthair? (Tá/Níl)		**Polasaí cosanta leanaí an chíosaí i bhfeidhm, más infheidhme? (Tá/Níl)**		
Éarlais eochrach €50 íoctha? (Tá/Níl)		**Uimhir aon eochrair a eisíodh**		
Admháil eisithe? (Tá/Níl)		**Ionduchtú an tsealbhóra eochrach curtha i gcrích? (Tá/Níl)**		
Ciorclaigh an ráta iomchuí thíos		**Méid iomlán a íocadh**		
Ráta 1 – Ráta in aghaidh na huaire	**€10**	**Ráta 2 – Ráta in aghaidh na huaire**		**€11**
Ráta 2 – Ráta laethúil	**€50**	**Ráta 2 – Ráta laethúil**		**€55**
Ráta 2 – Ráta seachtainiúil	**€250**	**Ráta 2 – Ráta seachtainiúil**		**€275**
Tá beartas Cíosa Halla Scoil Éinne arna léamh agus arna dtuiscint agam agus táim sásta cloí leis na téarmaí agus leis na coinníollacha go léir atá ann.				
Dáta				
Sínithe thar ceann an Bhord Bainistíochta		**Priontáil an t-ainm anseo**		
Sínithe thart ceann an chíosaí		**Priontáil an t-ainm anseo**		

Beartas Cíosa Halla Scoil Éinne

Scoil Éinne an Spidéil Hall Rental Policy.

19.0 Ní mór do gach duine a úsáideann an halla le haghaidh gníomhaíochtaí a mbíonn baint ag leanaí leo a mbeartas cosanta leanaí féin a bheith i bhfeidhm acu. Ní mór don bheartas sin a bheith ag teacht leis an mbeartas *Tús Áite do Leanaí.*

20.0 Ní mór do gach duine a úsáideann an halla disciplín, teagasc agus caighdeán cúraim a chur ar fáil atá ar chomhchéim lena mbítear ag súil leis ó chaighdeáin gairmiúla na scoile.

21.0 Ní mór do gach duine a úsáideann an halla soláthar a dhéanamh do mhaoirseacht leanaí; san áireamh ann tá maoirseacht agus cúram leanaí a bhíonn ag fanacht roimh ré agus ag fanacht go mbaileofar iad ina dhiaidh.

22.0 Ní mór do gach duine a úsáideann an halla soláthar a dhéanamh le haghaidh cumarsáide le tuismitheoirí i dtaca le:

- 22.1 Dátaí agus amanna tosaithe agus críochnaithe.
- 22.2 Cealúcháin, athsceidealú etc.
- 22.3 Ní mór uimhir theagmhála fóin a chur ar fáil do na tuismitheoirí.

Nósanna Imeachta do Shealbhóirí Eochrach

23.0 Beidh Príomhoide na scoile freagrach as eochracha a thabhairt amach, as éarlaisí a choinneáil, as táillí cíosa a bhailiú agus as codanna uile an chonartha cíosa a thaifeadadh ar son an Bhord Bainistíochta.

24.0 Cuirfidh gach sealbhóir ionchasach eochrach i gcrích ionduchtú a thabharfaidh míniú ar céard is gá dóibh a dhéanamh mar sheolbhóir eochrach.

25.0 Is le Scoil Éinne i gcónaí iad na heochracha go léir a chuireann Scoil Éinne ar fáil agus ní mór iad a thabhairt ar ais do Scoil Éinne láithreach má iarrtar sin.

26.0 Níl cead ag sealbhóirí eochrach cóipeanna a dhéanamh d'fhoireann eochracha ar chuntar ar bith.

27.0 Níl cead na heochracha a thugtar don sealbhóir eochrach a thabhairt ar iasacht do dhaoine eile agus níl cead ag an sealbhóir eochrach iad a úsáid ach ar feadh na tréimhse atá sonraithe sa chonradh cíosa.

28.0 Ní mór na heochracha a thabhairt ar ais do Phríomhoide na scoile chomh luath agus is féidir tar éis an dáta dheiridh ar an gconradh cíosa.

29.0 Éileofar éarlais de €50 i leith gach eochair a eiseofar. Coinneoidh an scoil an t-airgead sin agus tabharfar ar ais é nuair a thabharfar ar ais na heochracha ag deireadh an chonartha cíosa.

30.0 Má chaillteár nó má ghoidtear eochair, ba chóir don sealbhóir eochrach dul i dteagmháil láithreach le Príomhoide na scoile le linn uaireanta oifige nó le Teach an tSagairt, má tharlaíonn sé lasmuigh de na huaireanta oifige.

Táillí Cíosa

31.0 Ní mór táillí a chomhaontú agus a íoc roimh thosú ar ghníomhaíochtaí ar bith.

32.0 Is é polasaí Scoil Éinne admhálacha a eisiúint maidir le hairgead ar bith a fhaightear.

33.0 Síneoidh Príomhoide na scoile an conradh cíosa agus déanfaidh cinneadh ar bith maidir le táillí thar ceann an Bhord Bainistíochta.

34.0 Coinneofar gach conradh ar thaifead sa scoil.

35.0 Tá an sceideal táillí seo a leanas i bhfeidhm. Tá 4 scála táillí cíosa ann a bhaineann le cíos an halla.

- 35.1 Ráta 1 - €10 in aghaidh na huaire do thréimhsí gearra cíosa a bhaineann le gníomhaíochtaí tráchtála nó le gníomhaíochtaí a ngearrtar táillí ar na rannpháirtithe ina leith.
- 35.2 Ráta 2 - €50 in aghaidh an lae nó €250 in aghaidh na seachtaine do thréimhsí cíosa de laethanta iomlána nó seachtainí iomlána.
- 35.3 I gcás 35.1 agus 35.2, má mheastar an úsáid lectreachais a bheith mór, beidh táille de €11 in aghaidh na huaire, €55 in aghaidh an lae nó €275 in aghaidh na seachtaine i bhfeidhm de réir mar is iomchuí.